# Tidy Towns Competition 2008

## *Adjudication Report*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Centre: | **Cluainin Ui Ruairc** | Ref: | **892** |
| County: | **Leitrim** | Mark: | **206** |
| Category: | **C** | Date(s): | **02/07/2008** |

| | Maximum Mark | Mark Awarded 2008 |
|---|---|---|
| Overall Development Approach | 50 | 28 |
| The Built Environment | 50 | 30 |
| Landscaping | 50 | 29 |
| Wildlife and Natural Amenities | 50 | 20 |
| Litter Control | 50 | 22 |
| Waste Minimisation | 20 | 6 |
| Tidiness | 30 | 13 |
| Residential Areas | 40 | 24 |
| Roads, Streets and Back Areas | 50 | 28 |
| General Impression | 10 | 6 |
| **TOTAL MARK** | **400** | **206** |

### Overall Development Approach:

Tá fáilte roimh Chluainín Uí Ruairc chuig Chomórtas na mBailte Slachtmhara mar iontrálaí nua agus an Comórtas ag ceiliúradh 50 bliain. Go raibh maith agaibh as an iarratas i nGaeilge. Tugaimid Turas an Bhaile ar aird agus is breá an áis do chuairteoirí é. Tuigeann sibh gur gá go mbeadh gach cuid den phobal rannpháirteach i dtionscnamh na mBailte Slachtmhara trí leasanna gnó, cónaitheoirí agus comhlachtaí reachtúla a chur ag obair le chéile faoin gcomhsprioc go n-éireoidh go maith le Cluainín Uí Ruairc sa chomórtas seo. Is léir go gcaithfidh leanaí scoile a bheith rannpháirteach ann chomh maith, mar is iadsan a bheidh freagrach as an tír agus as Comórtas na mBailte Slachtmhara amach anseo.

### The Built Environment:

Tá lár bhaile Chluainín Uí Ruairc comhdhéanta d’fhoirgnimh bhreátha dhá stór agus trí stór agus coimeádtar formhór acu ar ardchaighdeán; tá cuma an-mhaith ar an Leabharlann, ar Theach na Cúirte agus ar Theach an Mhargaidh agus níl amhras orainn go gcuirfear cuí ar an bhfuinneog bhriste i dTeach an Mhargaidh gan mhoill. Is iomaí éadan siopa tarraingteach atá i gCluainín Uí Ruairc ach is féidir cur isteach ar an gcur i láthair trí ghreamaitheoirí agus postaeir nach bhfuil gá leo i ndáiríre a chur in airde ar na fuinneoga. Tá an iomarca comharthaí beorach sean-aimseartha ar na tithe tábhairne ar chóir a bhaint anuas ar fad, nó ar a laghad a athsholáthar le cinn níos tarraingtí.

### Landscaping:

Tá an tírdhreachú crua ag an gCaisleán leagtha amach go sármhaith agus déantar é a chothabháil chuig sárchaighdeán. D’fhéadfá tuilleadh tírdhreachaithe a dhéanamh ag Cearnóg an Mhargaidh a bhí beagán in anchaoi an tráth a rinneadh an mholtóireacht. Tá sé tábhachtach an féar a choinneáil gearr timpeall ar bhun na gcrann óg nó d’fhéadfaí cur isteach ar an bhfás. Bhí cuma álainn ar thailte an tSéipéil, an ospidéil agus an

Chéad Stáisiúin agus thaitin an tírdhreachú ag an mbealach isteach chuig an mbaile ó bhóthar Chora Droma Rúisc go mór linn. Bígí fabhrach do speicis dúchasacha crann, tor agus plandaí eile sa tírdhreachú a dhéanfar amach anseo mar tugann siad sin tacaíocht don fhiadhúlra.

### Wildlife and Natural Amenities:

Ligeadh do na ciumhaiseanna féir ar bhóthar an bhealaigh isteach ó Lurganboy fás go nádúrtha. Tá sin go breá mar bíonn cuma tharraingteach ar fhéar fiáin agus ar bhláthanna fiáine, ach ba chóir na ciumhaiseanna idir na ceantair a fhógraítear le hainmchláir a choinneáil gearrtha go néata i rith an tséasúir fáis. Ar deimhníodh cén fiadhúlra atá san abhainn agus ar a bruacha? Má deimhníodh, d’fhéadfaí clár léirmhínitheach ag foilsiú a flora agus fauna a chur in airde i lár an bhaile. Tá áit shúgartha den scoth trasna ón gCaisleán agus coimeádtar go maith í. Ba chóir smaoineamh ar shuirbhé a dhéanamh ar an bhfiadhúlra chun na speicis atá ann a dheimhniú. Thabharfadh sin deis don chosaint sa chás go ndéanfar tuilleadh forbartha sa bhaile agus bheadh sé ina uirlis áisiúil chun cur le feasacht an phobail i ndáil le luach an fhiadhúlra.

### Litter Control:

Bhí an rialú bruscair réasúnta maith i lár an bhaile ach ní fhéadfá a rá go raibh sé ar fheabhas mar bhí beagán bruscair scaipthe thart. Measadh go raibh go leor boscaí bruscair ann agus iad suite go maith ach b’fhearr iad a ghlanadh. Ní mór patróil bhruscair sheachtainiúla, nó laethúla más gá, a bhunú chun an caighdeán ard atá riachtanach le go n-éireoidh libh i gComórtas na mBailte Slachtmhara a bhaint amach. Beidh gá le go leor oibrithe deonacha ar ndóigh.  Tá sé tábhachtach freisin go n-aithneoidh sibh foinse an bhruscair. Cuirfidh sin ar bhur gcumas straitéisí iomchuí a cheapadh agus Plean Bainistithe Dramhaíola a leagan amach. D’fhéadfaí smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i bPlean Bainistithe Bruscair Chomhairlí Chontae Liatroma. Ní mór an bruscar go léir a bhailítear a scagadh le hathchúrsáil. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis sin.

### Waste Minimisation:

Bhíothas ag cur slacht ar shaoráid Bhainc Thabhartha agus ar an gcloch ar aghaidh an bhalla de bhloic choincréite i rith na moltóireachta; bhí an dara Banc Tabhartha dea-chothabháilte chomh maith. Is saoráid bhreá é an tIonad Athchúrsáilte agus gan amhras freastalaíonn sé ar cheantar leathan sráidbhailte timpeall ar Chluainín Uí Ruairc. Is é an sprioc faoin gceannteideal seo an méid dramhaíola a chruthaíonn an pobal a laghdú, ní díreach í a athchúrsáil. Á mheabhrú sin, d’fhéafaí iniúchadh ar Dhramhaíl Phobail a bhreithniú chun an bunleibhéal dramhaíola a chruthaítear a dheimhniú agus chun straitéisí lena laghdú a cheapadh.

### Tidiness:

Tugadh fiailí faoi deara ar cholbhaí cosán ag na forbairtí cónaithe nua ag an mbealach isteach chuig an mbaile ag Cionn Locha agus ag áiteanna eile. Ní mór fáil réidh leo sin mar cuireann siad faillí i gcuimhne. Bhí go leor imeallacha bóithre agus láithreacha míshlachtmhara ag an mbealach isteach ag Ros Inbhir. D’fhéadfadh go mbaineann sin le forbairt. Tugadh áitribh agus láithreacha folamha/tréigthe faoi deara freisin agus táthar ag súil go ndéanfar forbairt orthu go luath. Mura ndéanfar, áfach, caithfear iad a dhúnadh isteach go slachtmhar mar bheart eatramhach agus a choimeád chomh slachtmhar agus is féidir. Tugadh roinnt ceantair chúirtealáiste faoi deara; spreagaigí úinéirí maoine tráchtála go háirithe aird a thabhairt ar a gclós, a dtaobhcheantair agus na ceantair bhóithre. Ba dheas a thabhairt faoi deara an easpa cáblaí seirbhíse lastuas a thabhairt faoi deara feadh na Príomhshráide.

### Residential Areas:

Tá na tithe a bhfuil éadan cloiche orthu ar an mbealach isteach ó Bhóthar Chionn Locha tarraingteach agus iad sa stíl chéanna leis na tithe níos sine ar thaobh na Príomhshráide. Tá cuma mhaith ar thithe sa bhaile, tríd is tríd, agus tá tithe sna heastáit, maille le gairdíní agus ceantair ghlasa, á gcothabháil go maith. Thaitin an tírdhreachú ag Ardán Mhic Dhiarmada go mór linn. Spreagaigí na heastáit a gcuid cumann cónaitheoirí féin a bhunú agus eagraígí comórtais do na heastáit chun tuilleadh spéise i ngluaiseacht na mBailte Slachtmhara a mhuscailt agus chun dreasacht a thabhairt do chónaitheoirí freagracht a ghlacadh as a gceantair féin.

### Roads, Streets and Back Areas:

Bhí an timpeallán a bhfuil dromchla crua air ag an mbealach isteach chuig an mbaile ó Bhóthar Chionn Locha lom agus b'fhearr coimeádáin bhláthanna a chur ann. Tá cuma réasúnta mhaith ar bhóithre ag na bealaí isteach tríd is tríd agus thaitin na hainmchlocha linn. Tugadh faoi deara go raibh obair ar bun ar dhromchla nua a chur ar roinnt codanna bóithre agus cosán. Bhí cuma mhaith ar throscán sráide, tríd is tríd, ach tabhair ar aird an méid thuasluaite faoi na boscaí bruscair. Is gné tharraingteach iad na seastáin solais oidhreachta gar don chaisleán agus ar an bPríomhshráid, agus tá cuma mhaith ar na mullaird chomh maith.

**General Impression:**

Tá sráid-dreacha breátha i gCluainín Uí Ruairc agus tá radharc álainn ar an mbaile ón gCaisleán. D'fhéadfadh go n-éireodh go maith leis an mbaile sa chomórtas nuair a bheidh an obair forbartha go léir curtha i gcrích. Táimid ag súil le cuairteanna eile a thabhairt ar an mbaile amach anseo.